**RABHADH**

**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2015**

**STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL**
**(180 MARC)**

**DÉ CÉADAOIN, 10 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 3.30**

**STAMPA AN IONAID**

**SCRÚDUIMHIR**

**FREAGAIR GACH CEIST 1, 2, 3 AGUS 4.**

**FREAGAIR 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA ATÁ ANN CHUIGE SIN AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR.**

**FREAGAIR CEIST 4 I DO FHREAGARLEABHAR.**

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR**

**1. PICTIÚIR**
(35 marc)

Déan staidéar ar na pictiúir, **A, B, C1 agus C2**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **PICTIÚR A**
*Taispeánann **Pictiúr A** caisleán a tógadh le hais chósta Shasana.*

(i) Tabhair cúis **amháin** ar tógadh an caisleán seo le hais na farraige, dar leat.

……………………………………………………………………………………..

…………………………………………………………………………………….. (3)

(ii) Cén fáth ar tógadh ballaí timpeall an chaisleáin?

……………………………………………………………………………………..

…………………………………………………………………………………….. (3)

(iii) Cuir tic le ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas ó na Meánaoiseanna agus mínigh an téarma a roghnaíonn tú:

*Droichead tógála* ☐ *Móta* ☐ *Léigear* ☐

………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………….. (4)

*(b)* **PICTIÚR B**
*Taispeánann **Pictiúr B** radharc ó chathair na Gaillimhe in 1901.*

(i) Níl bróga á gcaitheamh ag na páistí san fhótagraf seo. Cad a insíonn sé seo dúinn fúthu?

………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………….. (3)

(ii) Tabhair giota **amháin** eolais faoi na tithe san fhótagraf.

……………………………………………………………………………………..

…………………………………………………………………………………….. (4)

(iii) Seachas fótagraif, tabhair foinse **amháin** eolais a d'fhéadfadh staraithe a úsáid chun foghlaim faoi shaol páistí sa bhliain 1901.

………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………….. (4)

*(c)* **PICTIÚIR C1 agus C2**

*Taispeánann **pictiúir C1** agus **C2** dhá mhonarcha Éireannacha thart ar an mbliain 1900.*

(i) Tabhair giota **amháin** eolais faoin monarcha i bpictiúr C1.

…………………………………………………………………………………….......

…………………………………………………………………………………….. (3)

(ii) Conas atá a fhios againn, ón bhfótagraf, go raibh éadaí á ndéanamh sa mhonarcha i bpictiúr C2? Tabhair giota **amháin** fianaise.

…………………………………………………………………………………….......

…………………………………………………………………………………….. (3)

(iii) Tabhair giota **amháin** eolais faoi na hoibrithe i bpictiúr C2.

…………………………………………………………………………………….......

………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………….. (4)

(iv) Ainmnigh ceannaire tábhachtach **amháin** polaitíochta in Éirinn san fhichiú haois.

**NÓ**

Luaigh athrú tábhachtach **amháin** i saol na hoibre in Éirinn san fhichiú haois.

…………………………………………………………………………………….......

………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………….. (4)

**2. DOICIMÉID**
(35 marc)

Déan staidéar ar na doiciméid, **1, 2a agus 2b,** a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **Doiciméad 1**
*Cuntas ar "An Áirc Bheag" agus mar a tógadh í.*

(i) Cén daonra a bhí i bparóiste Charraig an Chabhaltaigh?

………………………………………………………………………………….. (2)

(ii) Cén t-ainm a bhí ar an sagart a cuireadh chuig an gceantar?

………………………………………………………………………………….. (3)

(iii) Cén fáth nach raibh aon séipéal sa cheantar?

.............................................................................................................................

………………………………………………………………………………….. (3)

(iv) Cén t-ainm a bhí ar an siúinéir a thóg an "Áirc"?

………………………………………………………………………………….. (3)

(v) Cá raibh an trá ar tugadh an "Áirc" chuici?

………………………………………………………………………………….. (3)

(vi) Cuir tic le ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas ón staidéar ar an stair agus ar an tseandálaíocht agus mínigh an téarma a roghnaigh tú:

*Músaem* ☐ *Foinse thánaisteach* ☐ *Déantáin* ☐

……………………………………………………………………………………......

……………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………….. (4)

*(b)* **Doiciméid 2a agus 2b**
*Beirt bhan ag cur síos ar a n-eispéiris le Cumann Lúthchleas Gael.*

(i) Cén aois a bhí ag an mbean atá ag caint i ndoiciméad 2a nuair a thosaigh peil na mban i nGaillimh?

.......................................................................................................................(2)

(ii) Cén fáth ar roghnaigh an bhean atá ag caint i ndoiciméad 2a imirt le Cathair Loistreáin?

....................................................................................................................... (2)

(iii) Cá bhfaca an bhean atá ag caint i ndoiciméad 2a an cluiche ar an teilifís?

....................................................................................................................... (3)

(iv) I ndoiciméad 2b, cén fáth nach ndeachaigh a hathair ach chun na buachaillí a fheiceáil ag imirt?

.......................................................................................................................

....................................................................................................................... (3)

(v) I ndoiciméad 2b, cén fáth ar thosaigh a hathair ag cur suime i spórt a iníne?

.......................................................................................................................

....................................................................................................................... (3)

(vi) Luaigh bealach **amháin** inar athraigh saol na tuaithe in Éirinn san fhichiú haois.

**NÓ**

Luaigh bealach **amháin** inar fheabhsaigh rialtas Éireannach saol na ngnáthdhaoine san fhichiú haois.

.......................................................................................................................

....................................................................................................................... (4)

**[Thall**

**3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRA**
(60 marc)

Freagair **DEICH** gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú 6 mharc gach ceist.

(i) Cad a chiallaíonn na litreacha **R.Ch.** sa bhliain 178 R.Ch?

.................................................................................................................. (6)

(ii) Cuir tic le ceann **amháin** de na téarmaí seo ón saol in Éirinn anallód agus mínigh an téarma a roghnaigh tú:

*Dolmain* ☐ *Breochloch* ☐ *Fiagaithe cnuasaitheoirí* ☐

..................................................................................................................

.................................................................................................................. (6)

(iii) Ainmnigh sibhialtacht ársa ó **lasmuigh** d'Éirinn agus tabhair fíric **amháin** faoi thithe, reiligiún nó nósanna adhlactha sa tsibhialtacht sin.

Sibhialtacht: ………………………. Fíric: ……………………………………………………

.................................................................................................................. (6)

(iv) Ainmnigh saothar ealaíne **amháin** ó mhainistir ó ré na Luath-Chríostaíochta in Éirinn.

.................................................................................................................. (6)

(v) Ainmnigh naomh **amháin** ó ré na Luath-Chríostaíochta in Éirinn agus suíomh **amháin** a raibh baint aige/aici leis.

Naomh: ……………………………………………………………………………………

Suíomh: ……………………………………………………………………………….....(6)

(vi) Cad ba ridire ann sna Meánaoiseanna?

.................................................................................................................. (6)

(vii) Cuir tic le ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas ó na Meánaoiseanna agus mínigh an téarma a roghnaigh tú:

*Giurnálaí* ☐ *Normannaigh* ☐ *Giústáil* ☐

..................................................................................................................

.................................................................................................................. (6)

(viii) Tabhair cúis **amháin** a raibh an saol dainséarach i mbaile mór sna Meánaoiseanna.

.................................................................................................................. (6)

(ix) Cén fáth a raibh spíosraí chomh tábhachtach sin sna Meánaoiseanna?

..................................................................................................................

.................................................................................................................. (6)

(x) Tabhair cúis **amháin** ar ceapadh go raibh taisteal farraige dainséarach sna Meánaoiseanna.

..................................................................................................................

.................................................................................................................. (6)

(xi) Cuir tic le ceann **amháin** de na téarmaí seo thíos ó Aois na Taiscéalaíochta agus mínigh an téarma a roghnaigh tú:

*Compás* ☐ *Carbhal* ☐ *Astraláib* ☐

.......................................................................................................................................................

....................................................................................................................................... (6)

(xii) Ainmnigh fadhb **amháin** san Eaglais Chaitliceach thart ar an mbliain 1500.

....................................................................................................................................... (6)

(xiii) Ainmnigh leasaitheoir reiligiúnach **amháin** ón Reifirméisean agus an chathair/tír a raibh baint aige léi.

Leasaitheoir:...................................................... Cathair/Tír: ................................................ .(6)

(xiv) Cuir tic le ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas faoi Éirinn agus an Bhreatain c. 1500-1660 agus tabhair fíric **amháin** faoin téarma a roghnaigh tú:

*An Pháil* ☐ *An Armáid* ☐ *Gealltóirí* ☐

.......................................................................................................................................................

....................................................................................................................................... (6)

(xv) Ainmnigh limistéar **amháin** in Éirinn inar cuireadh plandáil i gcrích idir c. 1550-1660 agus an rialtóir a chuir i gcrích í.

Plandáil: ……………………….....Rialtóir: ………………………………………………… (6)

(xvi) Mínigh slí **amháin** inar athraigh Éire de bharr na bplandálacha.

.......................................................................................................................................................

....................................................................................................................................... (6)

(xvii) Cuir tic le ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas ón Réabhlóid Talmhaíochta agus mínigh an téarma a roghnaigh tú:

*Síoladóir* ☐ *Uainíocht na mBarr* ☐ *Pórú Roghnaitheach* ☐

………………………………………………………………………………………………...

....................................................................................................................................... (6)

(xviii) Tabhair cúis **amháin** ar thosaigh an Réabhlóid Thionsclaíoch sa Bhreatain.

....................................................................................................................................... (6)

(xix) Tabhair cúis **amháin** a raibh an saol i gcathracha na Breataine míthaitneamhach thart ar an mbliain 1850.

………………………………………………………………………………………………

....................................................................................................................................... (6)

(xx) Mínigh an chúis ar féidir go mbeadh an t-eolas i bhfoinse staire mícheart uaireanta.

……………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………… …………………………..(6)

**[Thall**

FREAGAIR AN CHEIST SEO A LEANAS i bhFREAGARLEABHAR AR LEITH

**4. PEARSANA SA STAIR**
(50 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid chun cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Seandálaí i mbun oibre.**

LEIDEANNA:
* Láithreán á roghnú
* Deacrachtaí ar an láithreán
* Na huirlisí a úsáidtear
* Dátaí a chur le rudaí a frítheadh

(25)

(ii) **Duine a chónaigh in Éirinn le linn Thréimhse na gCeilteach.**

LEIDEANNA:
* Tithíocht
* Reiligiún
* Siamsaíocht
* Cultúr

(25)

(iii) **Ealaíontóir a ainmníonn tú ó Ré na hAthbheochana.**

LEIDEANNA:
* Luathbhlianta
* Oiliúint
* Saothair ealaíne
* Blianta deireanacha saoil

(25)

**AGUS**

**B.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid chun cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Ceannaire réabhlóideach a ainmníonn tú (i Meiriceá nó sa Fhrainc nó in Éirinn) le linn Thréimhse na Réabhlóidí, 1770-1815.**

LEIDEANNA:
* Luathshaol
* Príomhimeachtaí na réabhlóide
* Tuairimí
* Torthaí na réabhlóide

(25)

(ii) **Duine a chónaigh in Éirinn le linn an Ghorta Mhóir (1845-1851).**

LEIDEANNA:
* Conas a bhí an saol ag an am
* Iarrachtaí chun cabhrú le daoine bochta
* An chúis nach raibh bia ag daoine
* Torthaí an Ghorta

(25)

(iii) **Ceannaire tábhachtach polaitíochta ó <u>lasmuigh</u> d'Éirinn sa tréimhse 1920-1985.**

LEIDEANNA:
* Luathshaol
* Príomhéachtaí
* Tuairimí
* Torthaí a c(h)uid oibre

(25)

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2015

## STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL

(**Ná** cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)

## FOINSÍ

**1. PICTIÚIR**

**PICTIÚR A**




http://static.guim.co.uk/sys-images/Guardian/Pix/pictures/2009/7/30/1248968584208/The-Keep-at-Dover-Castle-007.jpg

**PICTIÚR B**




Sa Chladach – áit a maireann nósanna agus teanga na nGael – bruachbhaile de chuid na Gaillimhe, Éire. Cóipcheart 1901 ag Underwood & Underwood.

**PICTIÚR C1**




Pictiúr C1: UK5576  Músaem Chontae Phort Láirge http://www.waterfordmuseum.ie/exhibit/web

**PICTIÚR C2**




Pictiúr C2   UK5553 Músaem Chontae Phort Láirge
http://www.waterfordmuseum.ie/exhibit/web

## 2. DOICIMÉID

### DOICIMÉAD 1

Sa bhliain 1839 bhí daonra de 8,000 i bparóiste Charraig an Chabhaltaigh in Iarthar an Chláir agus bhí mórán daoine acu ag fáil bháis den chalar. An bhliain sin cuireadh sagart darbh ainm an tAthair Micheál Ó Miadhacháin ann chun cabhrú leis na híospartaigh a bhí ag fáil bháis agus chun an Ola Dhéanach a chur orthu. Ní raibh aon séipéal sa pharóiste ag an am sin mar nach dtabharfadh tiarnaí talún cead a gcuid talún a úsáid do shuíomh chun séipéal a thógáil. D'úsáideadh na sagairt pubaill gharbha chun an tAifreann a cheiliúradh, ach ní raibh aon mhaitheas iontu sin sa drochaimsir. Níltear cinnte conas a fuair an tAthair Ó Miadhacháin an smaoineamh ach, in 1852, d'fhógair sé plean chun cábán mór adhmaid a thógáil a mbeadh ceithre roth faoi agus go raibh sé ar intinn aige an tAifreann a cheiliúradh ann.

Ordaíodh an t-adhmad ó Luimneach agus fostaíodh siúinéir áitiúil, Eoghan Ó Coileáin, chun "an áirc bheag", mar a thabharfaí ar an gcábán ina dhiaidh sin, a thógáil. Tar éis dó an struchtúr adhmaid a thógáil, chlúdaigh sé é le canbhás a bhí tarráilte. Bhí dhá fhuinneog ag síneadh feadh an dá thaobh. Bhí altóir íseal taobh istigh agus dealbh den Chroí Rónaofa uirthi, agus bhí cros chéasta os cionn na haltóra.

Nuair a bhí sé réidh le húsáid faoi dheireadh, tugadh síos chuig an trá i gCill Bheathach é. Is ansin cois na farraige a ceiliúradh an tAifreann agus a tugadh teagasc sa Chreideamh go ceann cúig bliana.

**Foinse: www.clarelibrary.ie/eolas/coclare/history/kilbaha.htm**

### DOICIMÉID 2a agus 2b

### DOICIMÉAD 2a

Tógadh mé i dteaghlach a bhí sáite i gCumann Lúthchleas Gael. Nuair a bhí mé thart ar18 mbliana d'aois, thosaigh peil na mban den chéad uair i nGaillimh nuair a bunaíodh dhá chlub, ceann acu ab ea Béal Chláir agus an ceann eile Cathair Loistreáin. Thosaigh mé féin agus mo bheirt deirfiúracha ag imirt le Cathair Loistreáin, mar ba é an club ba ghaire dúinn é.
An chuimhne is faide siar atá agam ar Chumann Lúthchleas Gael ná dul chuig teach uncail liom chun féachaint ar Ghaillimh ag imirt i gCluiche Ceannais Peile na hÉireann in 1964. Ag an am sin, ní raibh mórán daoine ann a raibh teilifíseán acu. Bhí an t-ádh orainne go raibh ceann ag m'uncail a bhí ina chónaí síos an bóthar uainn agus is cuimhin liom a theach a bheith lán agus na comharsana ar fad bailithe isteach chun féachaint ar an gcluiche.

© Tionscadal Stairsheanchais CLG
Íoslódáilte ó
http://www.bc.edu/content/bc/centers/irish/gaahistory/Previous_Themes/CountyByCounty/Galway.html

### DOICIMÉAD 2b

Ní dheachaigh Daidí ach chun féachaint ar na buachaillí ag imirt. Ar chúis amháin nó ar chúis eile, níor cheap sé gur chóir go mbeadh cailíní ag imirt spóirt. Ach sa deireadh, de réir mar a bhí cúrsaí ag dul ar aghaidh, bhí níos mó buaite agamsa ná mar a bhí ag na buachaillí agus thosaigh sé ag glacadh leis an smaoineamh. Nuair a chonaic sé go raibh níos mó trófaithe cailíní ná trófaithe buachaillí i gcaibinéad na dtrófaithe dúirt sé gur chosúil go raibh fiúntas éigin i spórt na mban. Níor thosaigh sé ag cur suime ann go dtí sin.

© Tionscadal Stairsheanchais CLG.
Tógtha ó
http://www.bc.edu/content/bc/centers/irish/gaahistory/Previous_Themes/CountyByCounty/Cavan.html